



501

SCÉAL AN CHAILIN FHALLSA

(Tógtha síos ag Liam Mac Meanman, Móinín, Clochán, Leithbhearr,  
Tír Chonaill, ó bhéal-aithris Jimmy Cheallaigh, (59 bl.)  
Cró na Duinne, Gleann Fhinne, Tír Chonaill).

(MS. 169. pp.261—275)



A 616:35

-1-

SCÉAL AN CHAILÍN FHALLSA

Fad ó shoin fear agus a bhean a bhí na géomhnuidhe i nGleann a dtugadh siad Gleann na Smol air 'náit a rabh moran cuideachta agus taos óg ag dhul thart ag órc aéir agus iontais agus gan dadaidh a chur bhuardhartha orthu. Bhí níghéan amháin ag an bhean seo agus bhuaill tinneas a fear agus d'eug se. Bhí na comharsanaigh uilig go léir maith duithi agus chuidigh siad leithi gach uile dhoigh go deachaidh an t-am thart go bhfuair sí'n páisde tógtha.

Bhí bóthar ag dul thart ag an doras ann suas a ghleann agus bhíodh moran de oganaigh raibhleiseach 'nuas agus suas achan am go dtí a meadhon oíche. Tógadh suas an giorsach seo 'na stolaire mór agus ní rabh fhios aici aon seórt a dhéanamh ach oiread leis an fhear atá sa ghealaigh. Bhí'n mháthair bhocht tarraingte de a dá cois ag déanamh agus a coimhead achan seórt a rabh baint de'n bhaile. Ní rabh dadaidh déanamh buadh-radh de'n gioraigh seo ach nuair a thiocfadh buachall anuas a bealach mór í dhul amach síos leis a platharacht agus a gáiridh agus nuair a thiocfadh buachall aníos a bealach mór rachad sí suas leis a platharacht agus a gáiridh. Ach le scéal fada a dhéanamh goirid bhí sé 'na mhalaid fhairailte fa'n bhealach mór.



A 616:36

-2-

Ach choimheadad sí i gcómnuidhe a theacht 'un toighe nuair a bhéad se in am bidh. Ghlac a mathair oiread feirg sa deireadh leithi agus nach rabh sí ábalta bheith ag órc ní b'fuide uirthi ar a mhalaideacht a bhí uirthi.

D'iarr sí uirthi an lá amháin a t-eallach a chur amach agus a mbuachailleacht gan a leigean isteach san airbhir. Ar a dhul amach do'n chaillighe bhí'n t-eallach uilig istuigh san airbhir agus ise plathaireacht amach thoir-adai le fear a bhí teacht a bothar. Thug an chailleach an rása amháin go deacha sí fhad leithi agus bata leithi. Níor labhair sí chor a bith acht stróic a tharraingt ar an ghioraigh. Leig an ghirseach búirfeach na caointe isteach agus d'imthigh sí reathaídh ag tarraint ar a teach. Lean a chailleach 'un toighe í agus thug sí amach na sráide ar houl't gruaige'í agus achan áit a rabh sí abalta buille a thabhairt duith bhí sí a dhéanamh. Bhí'n girseach bhocht a caoineadh agus a béicfigh agus ní rabh cuma ar bith stad ar a chailligh.

Cerbh uair agus cerbh am seo acht fear uasal a bheith a teacht a bothar a rabh cabhrach iontach galanta leis agus d'fiaffruigh se do'n tsean-bhean goide a bhí'n ghioraigh a déanamh uirthi.



A 616:37

-3-

"Tá," arsa'n tseanbhean, "tá eagla orm go muirfidh sí i fhéin ag obair. Tá sí maigh ag obair i rith a lae," ar sise, "go raibh sé indiaidh na hoiche agus mar gcuirfe me múineadh uirthi," ar sise, "muirfidh sí i fhéin sa deireadh."

"Is maith a locht atá uirthi," arsa'n fear uasal, "'S iomaidh duine bhéadh buidheach, beannachtach," ar seisean, "agus a bpáisde bheith amuigh ag obair."

"Tá measaracht ar achan seórt," arsa'n chailleach, "ach níl ciall d'obair lae aici seo."

"Cuir liom-sa cionn lá agus bliain  $\frac{1}{2}$ ," arsa'n fear uasal, "agus bheirfe me tuarasdal maith duit agus bain a cluas díom mur bhfagh me a saith oibre duith."

"Margadh e," arsa'n chailleach.

D'iarr a fear uasal uirthi bheith teacht isteach sa chabhlach. "Níl ugu,-sa," ar seisean, "acht mo mháthair agus caithfidh tú déanamh mar iarrfas sí ort agus ma bhíonn tú in a sásamh," ar seisean, "ní bhéidh sí 'ndiaidh tuarasdal maith ort."

Níor labhair a ghíorsach a char a bith nó ní rabh fhios



aici goide deirfeadh sí ná goide dhéanfaid sí ach nuair a gheobhad sí greim le h-ithe a ghlacann. Sin a dear sí ariamh ná a bhfaca sí. D'fag a fear uasal slán ag a chaillighe agus shiubhal leis a tarraingt ar a bhaile fríd sléibhte agus gleanntain agus áltain agus áiteacha fiodhanta nach bhfacaídh an duine ariamh a leitheid. Ní rabh fhios ag an ghioraigh bhocht ca h-áit a rabh sí dul go deachaidh sí sa deireadh go dtí Binn mór a bhí ann. Bhí bruigheann thiar i dtaobh na binne. Ó agus na soilseacha a bhí ann bhainfeadh amach frígh leófa. Thanaic buachall beag amach agus scaoil sé'n beath agus thug leis é agus fuaidh an fear uasal isteach agus a cailín leis ionnsair a mháthair.

"Seo cailín," ar seisean, "a mháthair a casadh orm indiu agus sé'n eagla bhí ann go muirfeadh sí fhéin ag obair agus rinne me amach," ar seisean, "go bhfastochainn cionn lá agus bliain i ná bhíodh áird mhór ugutsa i gcómhnuidhe ar oibreannaí maithe."

Ghléus a mháthair a suipear duith.

"Béidh fhios ugum, ar maidin," arsa'n chailleach, "ceacu tá sí maith nó nach bhfuil."

Ar maidin lá't na bhárach bhí'n chailleach na suidhe leis a tóin-ghealaighe agus ghléus sí tráth maith bídh do'n chailín. Nuair a bhí deireadh thart.



A 616:39

-5-

"Siubhal leat anois," arsa sise leis a chailín, "go dteiseanaidh mise obair a lae indiu duit."

Thug sí leithi amach síar faoi'n talemh í, 'na sheamra mhór, mhilltenach, fada, fairrsing lán ola agus cárdai uilig go léir.

"'Nois," arsa'n chailleach, "sin péire cárdai agus sin olann."

Bhí na cárdai bhí siad cómh geal leis an airgid agus bhí'n olann bhí sí na síoda.

"Cárdal an olann sin," ar sise, "agus dean rollagáí duith agus nuair a thioctas mise isteach arais bíod se ugut fa mo choinne."

Thoisigh 'n cailín ag órc ar na cárdai 'g órc ar fiaclaí na gcárdai agus ag órc ar an olainn. Diabhal cárda ná olann nó dadaidh de'n tseórt a thenaic a cailín aríamh agus ní rabh ~~rix~~ fhios aici goide dhéanfad sí. Bhí sí gol is a deoiríneacht agus í cuimilt a súl na suidhe ar chaithear. Leis sin mhoithigh sí'n rattle a teacht eadar meadhon lae agus an oiche agus seo isteach bean nach bhfaca sí a leitheid aríamh bhí sí cómh caol sin.

"Tá tú i gcoruadhochas," arsa sise leis a ghiorrsaigh.



A 616:40

-6-

"Tá," arsa'n giorsach, "agus gan fhios ugum goide is c6ir damh dh6anamh.

"Bh6ul ma bheir t6 do bhainfheis damhsa," arsa'n bhean chaol, "dheanfa me do thasc uilig duit."

"Maise bheirfidh," ar sise, "is beag a rud sin a dh6anamh."

Le sin go d6ireach th6suigh sise a c6rd6ail agus sin a bac nach rabh i bhfad a c6rdal deireadh agus a f6ghail na rollagaf. N6 rabh ann ach go d6ireach go rabh s6 indiaidh imtheacht amach nuair seo isteach a chailleach.

"Bhfuil a tasc sin d6anta ugut?" arsa'n chailleach.

"6 t6 le fad ariamh," arsa'n cailin.

"Toim," arsa'n chailleach, "is maith th6. Gabhaid-se go bhfagh t6 do shuipear."

Fuaidh a cailin agus rinn s6 a suipear agus fuaidh s6 luighe. Thanaic a mac a fear uasal e fh6in ar ball agus d'fiaffruigh se d6 mh6thair goide mar chuir s6 isteach indiu.

"T6, ma chuireann s6 leis," arsa'n mhathair, "go bhfuil s6 maith acht n6l s6 r6idh liomsa go foill."



Bhí 'n cailín ag éisteacht leófa ins a seamra a rabh sí na luighe ann agus bhí sí glacann an eagla roimh an chailligh. Lár na bharaoh d'éirigh 'n cailleach agus ghléus sí bríofasta duithi fhéin agus do'n cailín.

"Siubhal leat anois," ar sise, "go dteiseanaidh mise obair a lae indiu duit."

Shiubhal a cailín leithi ina diaidh isteach go dtí seamra mhór eile a bhí ann. Bhí túirne bréagh óir na suidhe annsin agus cárdai airgid agus ar réir sin de eitean óir agus de gach uile sheort a b'fhíor deise ná chéile.

"'Nois," arsa 'n chailleach, "an olann sin a chárdail tú inde," ar sise, "agus a dean tú rollagai de dean snáth indiu ar a túirne sin de agus tochairt suas go bláthmhair é 'na cheairthini e agus na larnaí."

Dhruid a chailleach a daras amach i na diaidh agus á'fhag sí annsin í. Thúsúigh 'n cailín a choimhead ar a túirne agus a choimhead ar na cárdai agus a coimhead ar na h-eiteain agus ní rabh fhios aici ná ní fheacaigh sí dadaidh 'riamh de'n chineal chan amháin a dhul ag obair leis. Nuair a bhí neóin agus deireadh 'n lae a teacht, mhoithigh sí 'n tarman ag teacht 'un darais agus í gol is deoirineacht d'ascal a bhean a daras ins





a deireadh a bhí aici an lá roimhe sin, bean caol fhada agus bhí cos dá cuid cómh mór agus go rabh obair aici í tharraingt isteach ar a daras.

"Tá tú i gcruadhchas," arsa sise leis a ghíorsaigh.

"Tá," arsa'n ghíorsach, "ná ní fheaca mise na greibhealaigh seo aríamh."

"Ma bheir tú do bhainfheis damhsa," arsa bean na coise móire, "ní bhéidh mise i bhfad a deánamh do thasc."

"Maise bheirfidh," ar sise, "agus is beag a rud damh sin a dheánamh." Nuair a chuala sise sin tharraing sí uirthi an túirne agus a cuid eitean agus a cuid rollag agus ní rabh sí i bhfad a sníomh an iomlain. Ní rabh sí i bhfad dá fhagal na ceairtlíni bláthmhair agus 'na iarmaí fa choinne na caillighe. D'fhag slán agus beannacht agan chailín agus dubhairt go mbéad sí arais oíche na bainse. Ní rabh ann ach go díreach go rabh sí ar shiúbhal gur seo isteach a chailleach, cailleach a tige. "Bhfuil a tasc sin deánta ugut?" ar sise.

"Ó tá lé fada," arsa'n cailín.

"Teim," ar sise, "is maith a cailín thú."

Thug sí leithi agus thug sí a suipear duith agus fuaidh



a cailín 'na luighe. Thenaic a fear uasal e fhéin agus d'fiáff-  
ruigh de'n mháthair goide'n chineal oibre a rinn sí indiu.

"Rinn sí obair mhaith," arsa'n mhathair, "ach níl mise  
réidh leithi go foill."

Bhí go maith agus ní rabh go hól. Lár na bhárach ar  
maidin d'eirigh 'n chailleach go leor a luathas agus ghléus  
bricfosta.

"Shiubhal leat," ar sise leis a chailín, "go dtéiseanaidh  
mise obair a lae indiu duit."

Shiubhal a cailín isteach ina diaidh i seomra fada dorcha  
eile bhí ann. Bhí seól annsin setailte agus spól achan seort  
ghléusrai dár bhain do.

"'Nois," arsa'n chailleach, "a snath sin a shníomh tu  
indé, dean eadach de indiu. Sin a spól agus sin a seól agus  
sin na h-eiteain agus dean a snaith sin a rinn tú indé a fhigh-  
eáóireacht indiu."

Tharrain sí amach a daras ina diaidh agus d'fhág sí 'n  
cailín. Bhí 'n cailín ag amharc ar a tseól agus ag amharc ar  
a spól agus ag órc ar na h-eiteáin agus ní fheaca sí ariamh a  
leitheid. 'Sé'n deireadh bhí air gur thúsúigh sí gol agus a



A 616:44

-10-

caoineadh agus nuair a bhí neóin agus deireadh 'n lae teacht, mhoithigh sí tarman ag an daras arais. Thenaic a bhean isteach eadar dhá bhí an darais agus ní rabh ann ach go bhfuair sí isteach ar a daras leis a tón a bhí uirthi. Bhí a cosa ómh caol le dhá bhata agus bhí a corp ómh caol agus a claigeann agus bhí tón uirthi ómh leathan nach rabh ann ach go rabh sí ábalta fághail isteach ar a daras.

"Tá tú i gcrúadhchas," ar sise leis a ghiorrsaigh.

"Tá," arsa'n ghiorrsach, "nó ní fheaca mise na greibh-ealaigh seo aríamh."

"Ma bheir tú cuireadh do bhainse damhsa," ar sise, "ní bheidh me i bhfad ag déanamh do thasc."

"Maise bheurfaidh," arsa'n ghiorrsach, "agus céud fáilte."

Nuair a ohualaidh sise sin shuidhe sí ar a tseól; tharraing sí uirthi spól agus a cuid eitean agus ní rabh sise i bhfad a deanamh eudach de'n t-snáth. Nuair a bhí eudach deánta de aici chornuigh sí suas e go deas fa choinne fuagheala. D'fag slán agus beannacht aici agus tharrain amach a daras ina diaidh. Ní rabh ann ach go díreach go rabh sí ar shiubhal nuair seo isteach a chailleach.

"Bhfuil a tasc sin deánta ugur?" ar sise leithi.



A 616:45

-11-

"Tá le fada aríamh," arsa'n cailín.

"Táim," arsa'n cailleach, "gur tú an cailín is fearr a casadh orm sa go foill."

"Is mór sgair go bhfuil me in do shásamh," arsa'n cailín.

"Siubhal leat," arsa'n cailleach, "go dtabharfa me do shuípear duit." Thug sí suípear duith agus fuaidh 'n cailín i luighe.

Bhí go maith agus ní rabh go h-olc. Ar maidin lár na bhárach d'eirigh 'n chailleach airist; ghléus bricfosta do'n chailín agus nuair a bhí sin thart. "Siubhal leat," arsa'n cailleach, "go dteiseanaidh mise obair a lae indiu duit."

Shiubhal a cailín ina diaidh isteach ina tseamra iontach galanta bhí ann. Bhí na ballaí fonn-bhuailte le h-ór agus le h-airgead. Bhí na táblaí agus na gléusairí bhí annsin ohuirfead se maise ar do chroidhe órc' air; loinnreadh óir ar achan seórt dá n-amharcfad sí air, achan uile seort gléus fuighealla a bhfacaídh 'n duine aríamh na luighe thart achan uile seort iarainn smúdala a bhfaca tú aríamh na luighe thart. Ar réir sin snathaidí agus méuracain.

"'Nois," arsa'n chailleach, "a t-eudach sin a rabh tú



A 616:46

-12-

figheadoireacht indé dean disin léinteacha indiu de nach mbíonn an fear uasal ar a dómhain ábalta a lochtughadh. Nuair a bhéas na léinteacha déanta," arsa'n chailleach, "toisigh annsin," ar sise, "agus smúdail iad agus cornuigh suas iad fa choinne mar gaidh agus ma gnidh tú sin in mo shásamh," arsa'n chailleach, "is tú an cailin is fearr bhí annseo ariamh."

B'fíor é. Tharraing a cailleach a daras amach ina dhiaidh agus d'fag sí í. Thoisigh 'n chailin ag amharo ar a deiseacht a bhí thart ins a tseamra ag óro ar na snathaidí; ag óro ar na meuracain, ar na h-iarnacha smúdala agus ar na sioruir agus ar achan uile seort de na greibhealaighe a bhí ann agus ní fheaca sí a leitheid ariamh agus ní rabh fhios aici goide rabh siad fa na choinne. Eadar a meadhon lae agus tráthnóna bhuaill a buadh-radh a cailin agus ní rabh fhios aici dheanfadh sí agus í sileadh deor agus a cuimilt a súl. Le sin sa deireadh mhoithigh sí tarman ag an daras. D'ascal sí'n daras. Bhí'n bhean na seasamh ag an daras b'fhuide gaosan a thenaic sí ó thenaic sí'n cheud duine. Bhí'n gaosao cómh fada agus nuair a bheurfadh sí a cionn thart bhíodh obair ag an ghíorsach í fhéin a shabhal uirthi. Bhí se slat ripi agus na corpa bhí aici agus na cosa bhí aici cómh caol agus go sílfea go mbéadh obair aici siubhal.

"Tá tú i gcoruadhchas," arsa sise leis a ghíorsaigh.



A 616:47

-13-

"Tá," arsa'n ghíorsach.

"Ma gnídhimsa do thasc," ar síse, "an dtabharfaidh tú cuireadh na bainse damh?"

"Bheirfidh leoga," ar sa'n gíorsach, "agus fáilte.

Thoisigh síse ar na léinteacha agus ní rabh síse i bhfad ag déanamh suas disín na léinteacha. Thoisigh sí ortha annsin agus smúdál sí agus agus ghléus sí iad fa choinne an mhargaidh. D'eirigh sí léim 'na seasamh agus d'fag sí slán ag an cailín.

"Béidh tusa," ar síse, "posta ceangailte roimh bliadhain ó 'ndiu agus isé'n fear a bhéas ugut," ar síse, "a fear uasal a bhfuil tú ag obair dó agus ma tfeí tú mise a teacht isteach oíche na bainse tfeifidh, me nach mbéidh faic a náire ort ag óro orm."

Ní rabh ann ach go díreach go rabh sí ar shiubhal nuair seo isteach a chailleach.

"Bhfuil a tasc déanta ugut?" arsa'n cailleach.

"Tá," ar síse, "le fada aríamh."

"Ó is tú an cailín," ar síse, "is fearr bhí annseo



'ríamh ugumsa."

Fuair sí greim dhá láimh uirthi agus bhain sí pog duith.

"Tá dúl ugum," ar sise, "nach mbéidh locht ar bith ugut ar mo mhac na ma ghlacann se mo chomhairle-sa ní bhéidh an bhean go bráth aige acht thú."

"Maith go leor," arsa'n cailín.

"Siubhal leat," arsa sise, "go dtí go ndéanfa mo do shuipear réidh." Rinn siad a suipear agus fuaidh an cailín a luighe agus fuaidh an chailleach a luighe. Eadar sin agus a meadhon oiche thenaic a fear uasal é fhéin agus fuaidh luighe.

Ar maidin lár na mhárach nuair a d'eirigh 'n chailleach agus ghléus sí; brijfosta réidh do'n iomlan acu.

"'Nois," ar sise lena mac, "ma ghlacann tú mo chómhairle-sa seo cailín a choimmeochas tú mar bhean nó tá tú teacht chugumsa leis na bliantai agus cailíní maithe leat agus ní rabh fhios acu goide rud dadaidh dhéanamh lena thaobh seo."

"Maith go leor," arsa'n mac, "nuair atá sí in do shásamhsa," arsa'n mac, "tá sí in mo shásamh-sa, 'Sé a



A 616:49

-15-

rabh dheoth ort," ar seisean, "oibridhe maith cailin fhághail a bhéadh deagh lámhach agus tóim go bhfuair tú sa deireadh í."

Cuireadh duine amach ar bhomaite fa choinne sagart méise agus cléireach circe agus posadh an lánuin. Fuair a méid toighthe bhí sa tír thart cómhgarach cuireadh a theacht na bainse agus thenaic. D'eirigh 'n ceól agus d'eirigh 'n t-ól agus d'eirigh 'n pléisiuir agus a damhsa agus a purtaigheacht. Nuair a bhí isá i lár spóirse amach indiaidh an mheadhon oiche mhoithigh siad a tuaragan a teacht 'un darais. Fascladh 'n daras. Cé seo isteach ach Cos Mhór. Bhí cionn cómh caol agus a cois eile cómh mór agus í ag tarraingt na coise na diaidh aníos a t-urlar. Níor aithin duine ar bith agus ní fheacaídh 'n duine ariamh í. Bheannuigh sí dófa agus bheannuigh siadsan duith ins na briathra bhí acu an uair sin.

"Cér tír nó cér talamh duit," arsa'n groom, "nuair nach bhfuil me d'aithne?"

"De pháirtidhe de mhrá mise," ar sise.

"Bhéul ní bhaineann sin," arsa'n groom, "acht goide'n cineal cois atá ort na goide is féasun do'n chos a bheith mór agus a chos eile bheith caol beag?"

"Innseachaidh me sin duid," ar sise, "Bhí mo mháthair





A 616:50

-16-

i goimhnuidhe a sníomh agus a cárdal nuair a bhí muidinne beag agus cuireadh sníomh me ro-óg. Bhí mo dhá láimh graitheach," ar sise, "ag tarraint a t-snátha agus bhí mo chos solid an doigh amháin ar fad agus bhí mo dhá shúl graitheach ag coimhead agus bhí mo chos an doigh amháin ar fad agus bhí me bog, óg agus d'fás brígh mo chuirp uilig go léir síos in mo chois."

"Ma 'sé mar tá," arsa'n groom lena bhean, "diabhal túirne ná cárda na rollog a gnídhéas tú fhad is bhéas tú ugumsa." Ó bhí siad i bpléisiúir a tsaoghal annsin. Líonadh cupla gloine do chos mhóir agus nuair a bhí siad i áitrean phléisiuir arais mhoithigh siad a tarman ag an daras arais. Le sin cé thenaic isteach ach Tón Mór. Bhí a dá cois cómh caol le dhá dhealgan agus bhí a cionn cómh caol le bata agus a dá láimh cómh caol le bata. Bheannuigh sí dófa agus bheannuigh siadsan duith.

"Cér tír nó cér talamh duit," arsa'n groom, "no goide'n tír a átenaic tú as nuair nach bhfuil an duine ábalta d'aithne?"

"De phairtidhe de mhrá mise," ar sise.

"Bhéul ní bhaineann sin," ar seisean. "Goide'n seórt



tón atá ort. Ní rabh dadaidh ariamh sa tír seo cosamhail leat, do chosa bheith cómh caol agus do lámha agus do chionn agus do thón a bheith cómh mór?"

"Réasun maith," ar sise. "Bhí m'athair i gcomhnuidhe na fhigeadoir agus nuair a bhíod se ar shiubhal as baile bhinn-se fighdearacht ina áit. Nuair a fuair se bás thusuigh me fhéin a fighedaracht. Bhí me bog óg a fás suas ins an am. Bhí mo dhá láimh gráitheach leis a spól agus bhí mo dhá chos gráitheach lena maidi agus bhí mo chionn agus mo shúla a coimhead anonn is anall agus bhí mo thón na suidhe ar fae an doigh amháin ar a mhaide agus d'fás brígh mo chuirp síos in mo thóin. Sin a réasun a bheir mise mar sin."

"Mas mar sin atá," arsa'n groom, "a chailin mhacanta, diabhal seól nó spól a shuidhfeas tusa air a fad a bhéas tú ugumsa."

Lionadh cupla gloine breágh uisce beatha agus tugadh do Thóin Mhór e. Cuireadh 'un bidh annsin í agus bhí achan seórt go bréugh ar feadh tamaill go dtí gur mhoithigh siad a rattle a teacht arais. Fascladh 'n d'aras agus cé seo isteach ach a Srón Mhór. Bhí'n gaosan bhí se slat ripi agus bhí'n chuid eile duith cómh caol nach rabh innti ach scála. Bheann-uigh sí dófa agus bheannuigh siadsan duith ins na briathra



bhí acu an uair sin.

"Cér tír nó cér talamh duitse," arsa'n groom, "nó goide'n seort srón a d'fás ort?"

"Ó innseochaidh me sin duit," ar sise, "bhí mo mháthair agus mo chuid deirbhshiura i gcómhnuidhe fuigheall a déanamh eudaigh agus cuireadh mise fuaigheal bhfad ro-óg agus a déanamh puill cripi is mó bhínn. Bhí mo chionn ar fad crom ar eagla go millfhinn a rud a rabh me dul dó. Bhí me bog óg a fás suas ins an am agus nuair a bhí mo chionn chrom d'fás brigh mo chuirp amach síos in mo ghaosain."  
"Ma 'sé sin mar tá," arsa'n groom a tógail a challain, "a challin mhacanta diahhal léine nó poll cripe a dhéanfas tú fhad is bhéas tú ugumsa."

Líonadh dhá ghloine bhreágh uisce beatha agus tugadh do Srón Mhór. Cuireadh 'un bídh annsin í.

D'eirigh pleisiuir agus d'eirigh an cebl sa damhsa arais. Damhsa siad leófa go dtí go rabh lá geal lá'r na bhárach ann.

D'eirigh Cos Mhór a léim na seasamh agus Tón Mhór a léim na seasamh agus Srón Mhór i leim na seasamh agus a triúr



ag dul na bhaile agus d'fag siad slán agus beannacht ag an ghroom agus ag an bhríde agus ag an chailligh.

Scab lucht na bainse soir síar agus iad uilig go léir ag tuitim ins na diogacha le neart olachain. Nuair a scab deireadh fuaidh an fear uasal agus a cailin fhallsa na luighe ina seamra mhór ghalanta a bhí ann agus a cailleach ina seamra aici fhéin.

Ach le scéal fada a dhéanamh goirid bhí'n t-ádh a reathaidh ar a cailin fhallsa. Ní rabh aon turn oibre le déanamh níos mó aici ach 'sé chaitheasmuid a ráit nach bhfuil fhios ag duine ceocu is fearr bheith a reathaidh nó a siubhal go socair.

(Sileann se go bhfuair Tárloch é ag Anna Ní Bhreithmhain, Cró na Ceatharnach. Sileann se go bhfuair Anna a cuid scéaltaí o Micheal Mór Ó Dochartaigh, Cruic Leitir.)

L. MacM.

-----